



Polasaí Cumarsáide

Tá dea chumarsáid riachtanach ionas gur féidir le scoil gníomhú go héifeachtach. Chuige sin chuireamar an polasaí seo le chéile chun na cineálacha éagsúla cumarsáide idir na pairtnéirí éagsúla a shoiléiriú.

Múinteoirí

Bíonn cruinnithe neamhfhoirmiúla idir mhúinteoirí go leathúil mar shampla roimh am scoile, i rith am scoile agus i ndiaidh am scoile.

Cuirtear teagmháil scríofa ó rang go rang uaireanta i rith an lae.

Eagraítear cruinnithe foirne go rialta. Ullmháitear clár oibre roimh ré agus tugtar gach deis do mhúinteoirí cur leis an gclár nó cuidiú lena dhréachtú.

Bíonn teacht ag múinteoirí ar chiorcláin na Roinne i gconaí.

Daltaí

Bíonn cumarsáid idir mhúinteoirí agus daltaí i gcónaí. Bíonn gá, ó am go chéile fógraí a thabhairt uaireanta fógraí scríofa nó fógraí ó bhéal. Scríobhtar fógraí sa dialann obair bhaile anois 's arís.

Bord Bainistíochta

Bíonn cruinnithe rialta ag an mBord Bainistíochta. Réitítear clár oibre agus cuirtear an clár agus fógra chruinnithe chuig gach ball den mBord roimhré. Glactar miontuairiscí ag gach cruinniú.

Tuismitheoirí

Bíonn caidreamh/cumarsáid rialta le tuismitheoirí ar bhonn aonarach neamhfhoirmiúil agus chomh maith leis sin go foirmiúil.

Faigheann gach tuismitheoirí tuairisc foirmeálta ag deireadh na bliana.

Bíonn cruinnithe eolais againn le tuismitheoirí sa chéad téarma.

Bíonn cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí againn as dara téarma.

Coiste na dTuismitheoirí

Bíonn cumarsáid rialta, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil idir an scoil agus Coiste na dTuismitheoirí.

Tugtar ais eolas/aischothú don Phríomhoide ó chruinnithe Choiste na dTuismitheoirí faoi nithe spéise a bhaineann leis na tuismitheoirí.

Déanann iondaithe na dTuismitheoirí aischothú ó chruinnithe on Bhoird don Choiste nuair atá socrúithe den chineál seo déanta ag an mBord.

Roinn Oideachas agus Scileanna

De ghnáth tagann litreacha ón mBord Bainistíochta chuig Cathaoirleach an Bhoird nó go dtí'n Phríomhoide.

Faigheann na Múinteoirí deis na Ciorcláin a thagann ón R.O.S. a léamh.

Cuirtear ciorcláin a bhaineann le Coiste na dTuismitheoirí faoina mbráid.

Cigirí

Déanann Príomhoide na scoile nó an Cathaoirleach teagmháil leis an gcigire i scríbhinn/rphost nó ar an bhfón.

Eagruis Eile:

Bíonn cumarsáid rialta dhá bhealach idir eagrais eile ar nós Bord Sláinte, Seirbhís Sóisialta, Gardaí, Tusla & rí.

Forbairt Proifisiúnta

Déantar cumarsáid rialta le lucht díolta fearais oideachais, Ionad Oideachais Coláistí Oiliúna & rí.

Faomhadh ag an mBord Bainistíochta ar an 2ú Deire Fomhair 2018
(dáta)

Síniú:



Séamus Caomhánach

Cathaoirleach an Bhoird